An Reifreann in Éirinn

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE
AND LOCAL GOVERNMENT

GNÁTHREIFREANN ▸ AN DLÍ A BHAINEANN LE REIFREANN

VÓTÁIL ▸ AN COMHAIREAMH ▸ TORADH AN REIFRINN

RÉAMHRÁ ▸ REIFREANN BUNREACHTA

CÉ A FHÉADFAIDH VÓTÁIL ▸ AN VÓTAÍOCHT ▸ SOCRUITHE VÓTÁLA

An Reifreann in Éirinn

1 RÉAMHRÁ

Is treoir phraiticiúil atá i gceist leis an nóta seo. Ní thugann an nóta seo léirmhíniú cinntitheach dlí ar an dlí a bhaineann le reifreann. Chun tuilleadh eolais a fháil, ba chóir duit féachaint ar an an dlí a bhaineann leis an reifreann agus tugtar liosta de sin i roinn **4** den nóta seo.

Tá dhá chineál reifreann ann: reifreann chun an Bunreacht a leasú agus reifreann ar thogra eile nach togra é chun an Bunreacht a leasú ("gnáthreifreann").

2 "REIFREANN BUNREACHTA"

2.1 An Bunreacht a Leasú

Cheadaigh na daoine Bunreacht na hÉireann ag pobalbhreith a reáchtáladh an 1ú Iúil 1937 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29ú Nollaig 1937. D'fhéadfaí an Bunreacht a leasú le gnáthreachtaíocht i rith idirthréimhse go dtí mí an Mheithimh 1941, agus achtaíodh dhá Acht Bunreachta (Leasú) i rith na tréimhse sin. Ní féidir an Bunreacht a leasú ach amháin le ceadú na ndaoine i reifreann ó d'imigh an idirthréimhse in éag.

Tá aon leasú is fiche déanta ar an mBunreacht go dtí seo de bhíthin reifreann a reáchtáladh le roinnt mhaith blianta anuas agus rinneadh an chéad leasú i 1972. Is iad seo a leanas na leasuithe:

- Aontachas chuig na Comhphobail Eorpacha (1972);
- Aois Vótála (1972);
- Aitheantas d'Aicmí Sonraithe Creidimh (1972);
- Uchtáil (1979);
- Ionadaíocht Ollscoileanna sa Seanad (Teach Uachtarach na Parlaiminte) (1979);
- Ceart na mBeo gan Breith chun a mBeatha (1983);
- Ceart Vótála i dToghcháin Dála (Teach Íochtarach na Dála) (1984);
- An Ionstraim Eorpach Aonair (1987);
- An Conradh ar an Aontas Eorpach (1992);
- Saoirse chun Taisteal idir Éire agus Stát eile (1992);
- Saoirse chun Faisnéis a Fháil nó a chur ar Fáil (1992);
- Colscaradh (1995);
- Bannaí (1996);
- Rúndacht i bPléití ag Cruinnithe den Rialtas (1997);
- Conradh Amsterdam (1998);

- Comhaontú na Breataine - na hÉireann (1998);
- Rialtas Áitiúil (1999);
- Deireadh a chur le Pionós an Bháis (2001);
- Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (2001);
- Conradh Nice (2002);
- Saoránacht (2004).

Níor glacadh le seacht dtogra chun an Bunreacht a leasú ag reifreann. Ba iad sin:

- Córas Vótála (1959);
- Foirmiú Toghlach (1968);
- Córas Vótála (1968);
- Scaoileadh ar Phósadh (1986);
- Ceart chun Beatha (1992);
- Conradh Nice (2001);
- Beatha Dhaonna le linn Toirchis a Chosaint (2002).

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil leabhar dar teideal "Referendum Results 1937-2004", a leagann ábhar agus toradh gach reifrinn a reáchtáladh sa tréimhse sin amach ar shlí áisiúil. Is féidir é a íoslódáil (i bhformáid pdf) ag www.environ.ie

2.2 Nós imeachta ag Reifreann Bunreachta

Faoi Airteagal 46 den Bhunreacht ní mór togra chun an Bunreacht a leasú a thabhairt isteach sa Dáil mar Bhille. Nuair a ritheann dhá Theach an Oireachtais (Parlaimint), an Bille caithfear é a chur os comhair na ndaoine i reifreann chun é a cheadú. Má bhíonn tromlach na vótaí a chaitear i bhfabhar an togra, síníonn an tUachtarán an Bille agus leasaítear an Bunreacht dá réir sin.

2.3 Cé a Fhéadfaidh Vótáil

Tá breis agus 3 milliún toghthóir cláraithe i dteideal vótála ag reifreann. Tá gach saoránach de chuid na hÉireann a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, atá 18 mbliana d'aois nó os cionn agus atá iontráilte ar chlár na dtoghthóirí i dteideal vótála.

Tiomsaíonn na húdaráis chlárúcháin, is iad sin na comhairlí contae agus na comhairlí cathrach, clár na dtoghthoirí i dtoll a chéile gach bliain. Foilsítear dréacht-chlár an 1ú Samhain agus cuirtear ar taispeáint é lena iniúchadh i leabharlanna poiblí, in oifigí poist agus i bhfoirgnimh phoiblí eile. Is féidir éilimh maidir le ceartúcháin a dhéanamh ar an dréacht go dtí an 25ú Samhain. Is é an cláraitheoir contae, atá ina oifigeach cúirte cáilithe le dlí a bhreithníonn éilimh. Is féidir achomharc in aghaidh chinneadh cláraitheora contae a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda. Bíonn feidhm le clár na dtoghthóirí an 15ú Feabhra agus bíonn feidhm leis ar feadh bliana ón dáta sin. Is féidir le daoine incháilithe nach mbíonn sa chlár, iarratas a dhéanamh a bheith i bhforlíonadh den chlár, arb é an dáta deiridh dó sin ná cúig lá déag oibre roimh an lá vótaíochta (gan Aoine an Chéasta, Domhnaí, agus Saoirí Poiblí san áireamh). Is faoi na daoine incháilithe atá sé a chinntiú go bhfuil siad ar chlár reatha na dtoghthóirí nó san fhorlíonadh do

chlár na dtoghthóirí.

2.4 An Vótaíocht

Nuair a ritheann Tithe an Oireachtais Bille ina bhfuil togra chun an Bunreacht a leasú, ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ceann comhairimh reifrinn a bheidh freagrach as seoladh iomlán an reifrinn, lena n-áirítear an comhaireamh agus an toradh a fhógairt. Bíonn an tír roinnte sna Dáilcheantair chéanna a bhíonn ann do thoghcháin Dála agus is é nó í an ceann comhairimh Dála don Dáilcheantar (i.e sirriam nó cláraitheoir contae) an ceann comhairimh áitiúil don Dáilcheantar ag reifreann. Bíonn an ceann comhairimh áitiúil freagrach as na socruithe sonracha vótaíochta i ngach Dáilcheantar.

Ceaptar an lá vótaíochta le hordú ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ní mór an reifreann a bheith ann idir thríocha agus nócha lá tar éis an t-ordú a dhéanamh. Socraíonn an t-ordú sin freisin an tréimhse vótála. Ní mór dhá uair an chloig déag ar a laghad sa tréimhse idir 7 r.n. agus 10.30 i.n. a cheadú do vótáil. Seoltar cárta faisnéise vótaíochta chuig na toghthóirí ar fad á gcur ar an eolas maidir lena n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí agus an stáisiún ina bhféadfaidh siad vótáil. Déanann an ceann comhaireamh áitiúil na socruithe riachtanacha vótála do phostvótálaithe agus do vótálaithe speisialta.

Bíonn ráiteas foirmiúil arna fhorordú ag an Oireachtas ar an gcárta faisnéise vótaíochta freisin a bhaineann le hábhar an reifrinn. Bíonn an ráiteas míniúcháin ar taispeáint i ngach stáisiún vótaíochta. Éilíonn an dlí go gcaithfear Bille ina mbíonn an togra chun an Bunreacht a leasú a chur ar fáil in oifigí poist lena iniúchadh saor in aisce agus le ceannach ar phraghas ainmniúil.

Is é nó í an t-oifigeach ceannais le cúnamh ó chléireach vótaíochta a thógann an vótaíocht ag gach stáisiún vótaíochta. Freastalaíonn gníomhairí pearsanaíochta, arna gceapadh ag comhaltaí an Oireachtais agus ag comhlachtaí atá ceadaithe ag an gCoimisiún Reifrinn (féach mír ***2.5***), ar stáisiúin vótaíochta chun cuidiú le cionta toghcháin a chosc.

2.5 Eolas maidir leis an Leasú Beartaithe

Forálann an dlí do Choimisiún Reifrinn neamhspleách a bhunú chun eolas maidir le hábhar reifrinn a ullmhú agus a scaipeadh. Is féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Coimisiún den sórt sin a bhunú ag tráth nach túisce ná an dáta a chuirtear tús le Bille um Leasú ar an mBunreacht i nDáil Éireann (i gcás "ghnáthreifrinn" ag tráth nach déanaí ná dáta an ordaithe lena gceaptar an lá vótaíochta). Bíonn Coimisiún comhdhéanta de chathaoirleach nach mór a bheith ina iarbhreitheamh nó ina hiarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt nó ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Ard-Chúirt arna ainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh; an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste; an tOmbudsman, Cléireach na Dála agus Cléireach an tSeanaid.

Is é ról an Choimisiúin Reifrinn ábhar an reifrinn a mhíniú do na toghthóirí. Déanann sé é sin trí ráiteas nó ráitis a ullmhú ar na príomh-shaincheisteanna agus d'fhéadfadh aon eolas cuí eile dar leis an gCoimisiún a bheith san áireamh. Ó 2001, áirítear ar ról an Choimisiúin feasacht an phobail a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh le vótáil sa reifreann.

2.6 Socruithe Vótála

Go ginearálta vótálann toghthóirí go pearsanta ag a stáisiún vótaíochta áitiúil.

Tá postvótáil ar fáil don Gharda Síochána (na póilíní), do Fórsaí Cosanta agus do státseirbhísigh

(agus a gcéilí) a bhíonn ceangailte le misin Éireannacha thar lear, chomh maith le toghthóirí a bhíonn ina gcónaí sa bhaile nach mbíonn ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas. Féadfaidh daoine a bhíonn fostaithe ag ceann comhairimh ar lá vótaíochta i dtoghlach eile seachas an ceann ina bhfuil siad féin cláraithe le vótáil, iarratas a dhéanamh a bheith iontráilte i bhforlíonadh don liosta de phostvótálaithe.

Tá postvótáil ar fáil freisin do thoghthóirí ar dóigh go gcuirfeadh a slite beatha cosc orthu vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil (lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach atá ina gcónaí in áit éigin eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát). Faoin socrú sin, seoltar páipéar ballóide tríd an bpost chuig toghthóirí sa bhaile agus bíonn orthu socrú a dhéanamh Garda a bheith mar fhinné ar a ndearbhú céannachta sula marcálfar an páipéar ballóide agus é a sheoladh ar ais tríd an bpost chuig an ceann comhairimh.

Tá vótáil speisialta ar fáil do thoghthóirí a bhfuil cónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais, nó in bhforas den sórt sin, agus nach bhfuil ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas. Tugtar an páipéar ballóide chucu san fhoras agus vótálann siad i láthair oifigigh cheannais speisialta i dteannta Garda.

Is féidir toghthóirí atá faoi mhíchumas fisiciúil agus a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a n-ionad vótaíochta áitiúil, a údarú vótáil ag stáisiún a bhfuil rochtain níos fearr air sa dáilcheantar.

2.7 Vótáil

Is trí rúnbhallóid a vótáiltear. Tá foirm an pháipéir bhallóide forordaithe ag dlí agus bíonn treoracha achoimre ann ar an tslí a vótáiltear. Taispeánann an páipéar ballóide teideal an Bhille a bheartaíonn an Bunreacht a leasú agus d'fhéadfadh ceannteideal a bheith ann freisin a léireodh an togra.

Déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótaíochta, lá na vótaíochta, trína ainm agus a sheoladh nó trína hainm agus a seoladh a lua. B'fhéidir go mbeadh ar an toghthóir cruthúnas céannachta a chur ar fáil agus, má mhainníonn sé nó sí sin a dhéanamh ní bheidh cead aige nó aici vóta a chaitheamh.

Vótálann an toghthóir go rúnda i mboth vótála. Léiríonn an vótálaí má aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé nó sí leis an togra trí "X" a chur sa bhosca "tá" nó sa bhosca "níl" ar an bpáipéar ballóide. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide ionas nach bhfeicfear an vóta a caitheadh agus cuirtear i mbosca ballóide séalaithe é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin sa reifreann.

Is féidir le daoine le lagú amhairc, daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó daoine le deacrachtaí litheartha cúnamh a fháil ón oifigeach ceannais nó ó chara.

Is féidir leis an oifigeach ceannais a ordú duine atá faoi amhras maidir le cion toghcháin a dhéanamh, a ghabháil.

2.8 An Comhaireamh

Déantar na vótaí a chomhaireamh sna Dáilcheantair aonair ag lárionad comhairimh ainmnithe. Cuirtear tús leis an gcomhaireamh ag 9 r.n. an lá i ndiaidh an lá vótaíochta. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcomapráid le tuairisceán a chuireann gach oifigeach ceannais ar fáil. Déantar na vótaí ar son an togra agus in aghaidh an togra a chomhaireamh agus tuairiscíonn an ceann comhairimh áitiúil an toradh chuig an gceann comhairimh reifrinn. Bíonn daoine ag faire an chomhaireamh a bhíonn ceaptha chun na críche sin ag comhaltaí an Oireachtais agus ag comhlachtaí a bhíonn ceadaithe ag an gCoimisiún Reifrinn.

2.9 Toradh an Reifrinn

Bunaithe ar thuairiscí na gceann comhairimh áitiúla i ngach Dáilcheantar, dréachtaíonn an ceann comhairimh reifrinn deimhniú reifrinn sealadach a dhearbhaíonn toradh foriomlán na vótála agus a thugann le fios ar aontaíodh leis an togra nó nár aontaíodh leis an togra. Foilsítear an deimhniú sealadach in Iris Oifigiúil. Laistigh de 7 lá tar éis é a bheith foilsithe go foirmiúil is féidir le haon toghthóir iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar chead chun achainí a dhéanamh an deimhniú sealadach a cheistiú. Mura dtíolactar aon achainí déantar deimhniú críochnaitheach den deimhniú sealadach agus má léiríonn sé go raibh tromlach na vótaí i bhfabhar an togra síníonn an tUachtarán an Bille iomchuí agus leasaítear an Bunreacht dá réir sin.

"GNÁTHREIFREANN"

Forálann Airteagail 27 agus 47 den Bhunreacht freisin do reifreann ar thogra nach togra é chun an Bunreacht a leasú (dá dtagraítear sa dlí mar "ghnáthreifreann"). Is féidir le gnáthreifreann a bheith ann nuair a chinneann an tUachtarán, ar chomhachainí a fháil ó thromlach na gcomhaltaí sa Seanad agus ó líon nach lú ná aon trian de chomhaltaí na Dála agus tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit, go bhfuil togra i mBille a bhfuil an oiread sin tábhacht náisiúnta ag baint leis gur chóir breith an phobail a fháil air sula ndéanfar dlí den bheart.

I gcás go gcinneann an tUachtarán go bhfuil togra a bhfuil an oiread sin tábhácht náisiúnta ag baint leis gur chóir breith an phobail a fháil air i mBille, atá faoi réir ag achainí, ní mór dó nó di diúltiú don Bhille a shíniú,

- mura nglactar leis le toil an phobail i reifreann laistigh de 18 mí ó chinneadh an Uachtaráin, **nó**
- mura nglactar leis le rún Dála laistigh den tréimhse 18 mí sin tar éis olltoghchán a reáchtáil.

Tá an nós imeachta ag gnáthreifreann cosúil le nós imeachta i ndáil le reifreann Bunreachta ach amháin go meastar an moladh a bheith crosta ag an bpobal má bhíonn tromlach na vótaí a caitheadh in aghaidh an togra agus gur ionann na vótaí sin aon trian ar a laghad de thoghthóirí uachtaránachta ar chlár na dtoghthóirí. Níor reáchtáladh aon ghnáthreifreann sa Stát go dtí seo.

4 AN DLÍ A BHAINEANN LE REIFREANN

Tá an dlí a bhaineann le reifreann le sonrú in:

- Airteagail 27, 46 agus 47 de Bhunreacht na hÉireann
- Acht Toghcháin 1992
- Acht an Reifrinn 1994
- Acht Toghcháin (Leasú) 1996
- Acht an Reifrinn 1998
- Acht an Reifrinn 2001.

Bileoga Eolais eile

Seo a leanas bileoga eolais eile atá ar fáil sa tsraith seo:

An tSlí a dToghtar an tUachtarán

An tSlí a dToghtar an Dáil
(Teach Íochtarach na Parlaiminte)

An tSlí a dToghtar an Seanad (Teach Uachtarach na Parliminte)

An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann
i bParlaimint na hEorpa

A tSlí a dToghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil

Clár na dToghthóirí

Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Meán Fómhair 2006.

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE
AND LOCAL GOVERNMENT